



Uimhir Charthannachta: 20052508

Polasaí ar Drugaí

Sainmhíniú ar Dhrugaí:

Cuimseoidh an téarma “druga” aon substaint nó foladh ceimiceach, idir dhleathach agus mhídhleathach, a athraíonn an chaoi a n-oibríonn chorp dhuine, go fisiciúil, san inchinn, nó sna mothúcháin. Seo liosta:

- Alcól
- Tabac
- Leigheasanna “thar an gcuntar” cosúil le paraicéiteamól, frith-hiostaimíní, leigheasanna casachta srl.
- Drugaí ordaithe cosúil le antaibheathaigh, análóirí, pianmhúchán srl.
- Substaintí luaineacha cosúil le aerasóil, gliúnna, peitreal, breoslaí lastóirí toitíní, srl.
- Drugaí rialaithe amhail cannabis, eacstais, amfataimíní, beacáin draíochta, cócaon srl.

Aidhm:

Is é aidhm an pholasaí seo ná

(A) a chinntiú go gcoinnítear gach ball eagrais sábháilte ó dhíobháil a bhaineann le drugaí, agus iad páirteach i ngníomhaíochtaí an chlub agus/nó an eagrais.

(B) cuidiú le daoine óga deighleáil níos fearr le cathú na ndrugaí trí féinmhuinín a chothú

Cúspóirí:

- Cur chuige comhsheasmhach a fhorbairt i leith ceistanna a bhaineann le drugaí, rud a bheidh inghlactha ag gach ball den chlub
- Nósanna imeachta soiléire a dhearbhu chun eachtraí áirithe mí-úsáide amhrasacha drugaí a bhainistiú.

Treoirlínte Ginearálta maidir le drugaí

Tobac agus Toitíní E

- Ba cheart go mbeadh oibrithe deonacha agus baill foirne mar eiseamláirí i dtaobh caithimh tobac agus toitíní E agus níor cheart dóibh caithimh os comhair na ndaoine óga.
- Níl cead caitheamh ag imeachtaí Feachtas
- Níor cheart an caithimh a mholadh nó a thacú, ach go háirithe an taobh sóisialta den chaithimh.
- Ba cheart misneach agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga ar mhaith leo stopadh ag caithimh
- Níl cead ag oibrithe deonacha nó ag baill foirne toitíní, toitíní E nó tobac a cheannach do dhaoine óga. Sa chás go dtarlaíonn seo, d'fhéadfaí smachtbhannaí a chur i bhfeidhm.
- Níor cheart d'oibrithe deonacha nó baill foirne iarradh ar dhaoine óga toitíní a cheannach ar a son.

Alcól

- Níl sé ceadaithe ag daoine óga alcól a thabhairt chuig aon imeacht nó club eagraithe ag Feachtas
- Níl sé ceadaithe ag daoine óga, oibrithe deonacha nó baill foirne alcól a ól nó a bheith faoi thionchar alcól ag aon club nó imeacht eagraithe ag Feachtas
- Níl sé ceadaithe ag oibrithe deonacha nó baill foirne alcól a ól nó a bheith faoi thionchar alcól nuair atá siad ag obair le daoine óga i rith turais thar oíche nó níos faide – fiú nuair nach bhfuil siad ar dualgas (seo ar eagla go mbeidh gá leo i gcás práinne)
- Ba cheart do oibrithe deonacha agus baill foirne a chinntiú nach bhfuil aon duine fásta atá ag tiomáint na daoine óga faoi thionchar alcól nó aon substaint eile.
- Ba cheart do oibrithe deonacha agus baill foirne bheith aireach i gcónaí faoin tionchar atá ag alcól ar a gcumas féin agus ar a mbreithiúnas proifisiúnta. Caithfidh siad a chinntiú nach

gcuireann sé isteach ar a gcumas chun a ndualgaisí a chomhlíonadh, ar a mbreithiúnas proifisiúnta nó a n-iompair.

- Níl sé ceadaithe do oibritheoirí deonacha nó baill foirne alcól a cheannach do dhaoine óga. D'fhéadfaí smachtbhannaí a chur ar éinne a sharaíonn an riail seo.
- Níor cheart do oibrithe deonacha nó baill foirne alcól a chur chun cinn, glacadh le urraíocht nó le hearraí a bhfuil baint acu le alcól agus ba cheart bac a chur ar fógraíocht le haghaidh alcól sna hionaid a úsáidtear.
- Ag ócáidí ag a mbíonn alcól ar fáil is gá cloí leis na rialacha dleathacha.
- Más rud é go bhfaightear amach go bhfuil duine óg faoi thionchar alcóil, nó go bhfuil alcól ina seilbh acu, ansin ba cheart na threorlíní do **'Ag bainistiú cásanna a bhaineann le Drugaí'** a leanúint.

Drugaí Mídleathacha agus/nó Drugaí ó siopaí siabhráin

- Níl cead ag daoine óga, oibrithe deonacha nó baill foirne drugaí mídleathacha ar bith a úsáid, roinnt nó a bheith ina seilbh acu ag aon imeachtaí Feachtas
- Ní bheidh cead ag daoine óga, oibrithe deonacha nó baill foirne páirt a ghlacadh in aon imeachtaí, cruinnithe srl. de chuid Feachtas agus iad faoi thionchar dhrugaí mídleathacha.
- Más rud é go bhfaightear amach go bhfuil duine óg faoi thionchar dhrugaí mídleathacha, nó go bhfuil drugaí mídhleathacha ina seilbh acu, ansin ba cheart na threorlíní do **'Ag bainistiú cásanna a bhaineann le Drugaí'** a leanúint.

Tuaslagóirí

- Ní bheidh cead ag daoine óga, oibrithe deonacha nó baill foirne páirt a ghlacadh in aon imeachtaí, cruinnithe srl. de chuid Feachtas agus iad faoi thionchar thuaslagóirí.
- Nuair is féidir, ba cheart ábhair ealaíona agus glantóra neamhthoiscaineach a cheannach. Ba cheart maoirsiú a dhéanamh i gcónaí nuair atá daoine óga ag baint úsáide as ábhair ealaíona agus glantóra nó tuaslagóirí eile a d'fhéadfadh a bheith dáinséireach agus ba chóir iad a úsáid taobh amuigh faoin aer.¼
- Aon uair nach bhfuil siad in úsáid, ba cheart go mbeadh tuaslagóirí fágtha i seomra nó cófra atá faoi ghlas. É sin nó go dtógfaidh na ceannairí abhaile iad.
- Más rud é go bhfaightear amach go bhfuil duine óg faoi thionchar substainte a shíltear gur tuaslagóir é, ansin ba cheart na treorlíní **'Ag bainistiú cásanna a bhaineann le Drugaí'** a leanúint.

Cóir Leighis

- Níor cheart cóir leighis a choinneáil i mboscaí garchabhair Feachtas nó in san áit ar chor ar bith.
- Níor cheart do oibrithe deonacha nó baill foirne drugaí thar an gcuntar a cheannach nó a thabhairt, ach amháin faoi threoír pearsanra leighis cáilithe nó tuismitheoirí/caomhnóirí, agus sa chás sin ach amháin i gcomhréir le treoracha na déantúsóirí.
- Níor cheart go mbeadh cóir leighis ina seilbh ag daoine óga, oibrithe deonacha nó baill foirne ach amháin nuair is gá le cead tuismitheora.
- Má tá amhras ann go bhfuil duine óg ag baint mí-úsáid as cóir leighis is ceart na treorlínte ‘**Ag bainistiú cásanna a bhaineann le Drugaí**’ a leanúint.

Cógais ar oideas

- Má tá duine óg ar chógais ar oideas ba cheart go mbeadh fianaise den oideas ina seilbh, mar shampla bheith in ann léiriú go bhfuil a (h)ainm clóite ar an lipéad nó ar an oideas ón dochtúir, agus ba cheart go mbeadh na sonraí cuí ar an bhfoirm ceada óna dtuismitheoirí/caomhnóirí.
- De ghnáth bíonn an freagracht ar an duine óg a c(h)ógas ar oideas a thógáil. Níor cheart do na hoibrithe deonacha nó baill foirne a chur i gcuimhne don duine óg a c(h)uid cógas ar oideas a thógáil ach amháin má tá cead acu é sin a dhéanamh ó na tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Nuair is gá is ceart do na hoibrithe deonacha agus baill foirne, le cead ó na tuismitheoirí/caomhnóirí, an méad ceart den cógas ar oideas* a chur i dtaisce don duine óg- má cheaptar nach bhfuil siad sách freagrach chun an cógas ar oideas a choimeád iad féin agus iad ar imeacht Feachtas (mar shampla turas thar oíche)
- Má tá amhras ann go bhfuil duine óg ag baint mí-úsáid as cógais ar oideas is ceart na treorlínte ‘**Ag bainistiú cásanna a bhaineann le Drugaí**’ a leanúint.

*Ba cheart do dhaoine le pluchadh/asma a n-análóirí a choimeád leo i gcónaí mar tá sé riachtanach go mbeadh teacht acu orthu má thagann taom asma orthu. Is féidir le moill i dtógáil an análóir cur leis na comharthaí. **Níor cheart análóirí a chur faoi ghlas riamh.** Má thagann taom asma ar dhuine agus í/é gan a (h)análóir is féidir leo análóir duine eile a úsáid (de ghnáth análóir gorm *Ventolin*). D’fhéadfadh sé seo bac a chur ar an duine a éirí níos ciaptha agus níor cheart é a úsáid ach amháin i gcás éigeandála.

Tá análóirí an sábháilte mar sin ní gá bheith buartha go dtógfaidh an duine óg ródháileog. Ní lorgódh éinne ach duine le asma análóir chun na matáin a scaoileadh agus na haerchonair a hoscailt. Muna bhfuil asma ag duine agus má thriallann sí/sé análóir ní bhfaighidh siad aon

faoiseamh uaidh. Ar dáileoga níos airde d'fhéadfadh siad croírata níos tapúla a bheith acu nó creathán ach tá na comharthaí seo sealadach.

Ag Bainistiú Cásanna a bhaineann le Drugaí

Má tá aon fhianaise, amhras nó imní faoi drugaí is cás a bhaineann le drugaí é.

Féach agúisín I do chomharthaí mhí-úsáid dhrugaí.

Ag tuairisciú an chás a bhfuil baint ag drugaí leis:

Níor cheart do cheannairí agus foireann deighleáil le cás , a bhfuil baint ag drugaí leis, ina n-aonar. Is ceart an cás a thuairisciú don bainisteoir i gcónaí chomh luath agus is féidir. Is féidir leis an duine sin tacaíocht a thabhairt duit agus cabhrú leat plean gníomhaíochta a dhéanamh.

Ag taifead an cás a bhfuil baint ag drugaí leis:

Tá sé tábhachtach taifead a choimeád de aon chás a bhfuil baint ag drugaí leis. Féach **Agúisín vi** le haghaidh “foirm thaifead chás a bhfuil baint ag drugaí leis”. Tá an t-eolas ar an bhfoirm tuarascála seo rúnda agus is gá do bhainisteoir Feachtas é a choimeád in áit sábháilte agus slán agus is ceart cóip eile a chur chuig an gCathaoirleach. Mar sin féin is gá foirmeacha tuarascála mar seo a oscailt má éilíonn an dlí é.

Níl aon rogha ag ceannairí agus foireann ach na treoracha seo, chun drugaí agus bruscar drugaí a ghlanadh, a leanúint. Is é sin má tá siad ar an eolas go bhfuil seilbh ag aon duine óg ar drugaí caithfidh siad na treoracha a leanúint nó beidh siad féin ciontach as coir chabhrú agus neartú seilbh.

Ag déanamh na tuismitheoirí/caomhnóirí páirteach sa chás:

De ghnáth, is gá go mbeadh na tuismitheoirí/caomhnóirí bainteach nuair is cás a bhfuil baint aige le drugaí. Is ceart fanacht i bhfeighil an duine óg ar an láthair san áit go dtí gur féidir le tuismitheoir/caomhnóir a theacht agus an duine óg a bhailiú. Nuair atáthar ag labhairt le tuismitheoirí/caomhnóirí faoi chás a bhfuil baint aige le drugaí agus a bhfuil baint ag a bpáiste leis, tá sé tábhachtach deighleáil leis an gcás le hógair. Tá seans go mbeidh gá le tuismitheoirí/caomhnóirí daoine óga eile sa chlub a chur ar a suaimhneas ag an am céanna ag cosaint rúndacht gach duine bainteach leis. Má cheapann tú go mbeidh tú ag cur an duine óg i mbaol tríd an cás a bhfuil baint ag

drugaí leis a insint do na tuismitheoirí /caomhnóirí féach ar na teoracha atá sa pholasaí cúram leanaí.

Ag cuimhneamh ar ghá na daoine óga eile sa chlub/grúpa

Cé gurb é/í an duine óg atá bainteach leis an gcás do chéad chúram, tá seans go mbeidh ceisteanna ar cheart díriú orthu ag an chlub nó grúpa ina iomlán.

Rúndacht

Tá amanta ann nuair is gá nó tá sé ar leasa an duine óg go rachadh Ceannaire nó duine den bhfoireann chun rudaí a bhaineann leis an duine óg a phlé le daoine eile cuí. Is ceart eolas faoi duine óg atá bainteach le cás mar seo a choinneáil teoranta dóibh siúd gur gá é a insint dóibh. Ina theannta sin, is ceart aon cumarsáid scríofa ar an gcás a bheith marcáilte le **“Príobháideach agus faoi ruin go huile is go hiomlán – don seolaí amháin”**

Na Meáin Cumarsáide:

Ná labhair leis na meáin cumarsáide faoi aon chás a bhfuil baint ag drugaí leis. Is ceart do cheannairí aon cheisteanna faoi chás a bhfuil baint aige le drugaí a chur i dtreo an bainisteoir nó an cathaoirleach.

Seicliosta do chás a bhfuil baint ag drugaí leis

I gcás a bhfuil baint ag drugaí leis:

- Lean na Treorlínthe do na nósanna imeachta cearta
- Ná téigh thar fóir; dean iarracht fanacht socair
- Déan measúnú ar an gcás

Má tá gá le cóir leighis nó má tá amhras faoi:

- *Cuir fios ar an otharcharr nó dochtúir láithreach.*

Muna bhfuil gá le cóir leighis/Tar éis práinn éigeandála leighis:

- **Más féidir**, faigh an substaint ón duine óg.
- Más substaint mídhleathach é, lig don duine óg é a chur i mála plastach agus cuir i dtaisceadán glasta é i bhfiannaise finné fásta (dhéanfadh bosca airgid cúis).
- Tabhair an substaint do na Gardaí chomh luath agus is féidir (agus dean iarracht admháil a fháil uathu)
- Faigh réidh le alcól le finné fásta agus scríobh tuairisc ar an bhfoirm tuairisce drugaí
- Scar an duine óg ón ngrúpa agus coinnigh súil air/uirthi chun a s(h)ábháilteacht láithreach a chinntiú
- Ná dean iarracht an chás a phlé nuair atá an duine óg faoi thionchar an substaint
- Seachain a bheith i d'aonar leis an duine óg
- Seachain achrann – ná tabhair breith, ná dean líomhaintí nó ná ceistigh an duine óg (mar shampla faoi cá bhfuair sé/sí na drugaí)
- Ná geall rúndacht
- Cuir fios ar na tuismitheoirí/caomhnóirí. Mura bhfuil teacht orthu cuir fios ar na Gardaí.
- Déan cinnte go bhfuil an duine óg slán faoi chúram a t(h)uismitheoirí/caomhnóirí nó na Gardaí
- Scríobh tuairisc iomlán ar an gcás sa “Foirm Thairfead chás a bhfuil baint ag drugaí leis”(Féach Agúisín 3) agus sínigh é. Caithfidh an finné an fhoirm a shíniú freisin.
- Inis faoin gcás don mbainisteoir nó an chathaoirleach
- Cuimhnigh ar riachtanaisí na daoine óga eile sa chlub/grúpa.

Amhras faoi chás a bhfuil baint ag drugaí leis

- Déan monatóireacht ar an gcás
- Ná dean líomhaintí
- Bí cúramach faoi cé dó/di a insíonn tú faoi – ba cheart go mbeadh sé ar bhunús gá le fios
- Cuimhnigh nach leor amhras chun líomhaintí a dhéanamh agus bí cúramach faoi cé leis a phléann tú an chás.

Déan cinnte go gcosnaíonn do ghníomh leas an duine óg .

Is é seo do threoirphrionsabal.

Déan agus Ná Déan

Déan

- Lean na rialacha dleathúla
- Cuir in aghaidh tabac a chaitheamh
- Tuaslagóirí a stóráil i seomra nó cófra atá glasáilte nó a thabhairt abhaile leat
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhaoine óga nuair atá siad ag baint úsáid as ábhair ealaíne a d'fhéadfadh a bheith díobháileach, táirgí glantachána nó tuaslagóirí. Na hábhair seo a úsáid taobh amuigh chomh fada agus is féidir
- Déan cinnte go bhfuil fiannaise oidis ag duine óg le haghaidh drugaí leighis

Ná dean

- Ná ceannaigh nó soláthraigh toitíní nó tabac do dhaoine óga
- Ná ceadaigne alcól ag aon imeacht Feachtas do dhaoine óga
- Ná hól alcól nó ná bí faoi thionchar alcól nuair atáir ag obair le daoine óga
- Ná ceadaigne aon drugaí mídhleathacha. Ná húsáid tuaslagóirí gan maoirseacht i rith cláracha/imeachtaí faoi chúram Feachtas
- Ná ceadaigne do aon duine atá faoi thionchar drugaí mídhleathacha nó tuaslagóirí páirt a ghlacadh in imeachtaí/cláracha Feachtas
- Ná cuardaigh aon duine óg a bhfuil amhras faoi go bhfuil alcól nó drugaí ina seilbh/sheilbh.
- Ná cuir I dtaisce aon drugaí “thar an gcuntar”, i.e. dleathach, i mbosca tarthála Feachtas nó in aon áit faoi smacht Feachtas
- Ná riarraigh drugaí “thar an gcuntar” ach amháin faoi threoir pearsanra cáilithe leighis nó tuismitheoirí/caomhnóirí
- Ná riarraigh drugaí oidis do dhaoine óga

Cásanna Drugaí – Cásanna Éigeandála Leighis

Tá feidhm ag na nósanna imeachta le haghaidh éigeandáil leighis nuair atá duine i mbaol láithreach dochair. Ba cheart aon duine atá gan aithne gan urlabhra, a bhfuil deacracht aici anáil, a bhfuil mearbhall uirthi nó atá tar éis substaint tocsaineach díobháileach a thógáil a láimhseáil mar chás éigeandála.

Má tá amhras ort, cuir fios ar chabhair leighis

Sula dtagann cabhair:

Má tá aithne sa duine:

- Cuir ceist ar an duine cad a tharla agus déan iarracht aon druga a úsáideadh a aithint
- Bailigh sampla de aon druga agus aon múisc atá ann i gcóir iniúchiú leighis
- Coinnigh an duine atá faoi grinniú socair
- **Ná** spreag ráig urlacain

- Ná tabhair aon rud, fiú uisce, don duine mar go méadaíonn sé seo imshruthú fola agus ionsú an substaint

Má tá an duine gan aithne gan urlabhra

- **Ná** bog an duine tar éis titim má tá aon seans gur tharla gortú dromlaigh nó aon droch ghortú eile nach féidir a fheiceáil
- Déan cinnte gur féidir leis an duine analú agus cuir sa luí téarnaimh í/é
- Cuir ceist ar chairde nó daoine eile ar an láthair faoi céard a tharla agus más féidir aon druga a úsáideadh a aithint
- **Ná** tabhair aon rud di/dó tríd an bhéal
- **Ná** dean iarracht an duine a chur ina suí nó ina seasamh
- **Ná** fág an duine gan aire duine fásta nó faoi chúram duine óg

Luí téarnaimh

Recovery position

1. Déan seiceáil le haghaidh gortaithe:

- má tá an duine gortaithe, ná bog iad agus faigh cabhair éigeandála
- má tá sé/sí ag caitheamh aníos/ag urlacan gan dúiseacht, faigh cabhair éigeandála

2. Glaoigh ar 999 (112 ar fóin pócaí) láithreach

má tá gá le cabhair agus iarr i gcóir an otharcharr

1. Má tá an duine ag analú mar is gnách, cuir sa luí téarnaimh é/í:

- sín an lámh íochtarach díreach amach faoi cheann an duine
- lúb an cos uachtarach chun a (h)áit a dhaingniú
- rothlaigh an duine uait go réidh ar a t(h)aobh
- cuir tuáille corntha nó giota éadaigh taobh thiar dá d(h)roim chun nach rothlóidh an duine ar ais ar a d(h)roim
- claon a c(h)eann siar, cuir a lámh uachtarach faoina smig

1. Fan leis an duine

nó dean cinnte go bhfanann duine fásta leis/leí chun a chinntiú nach dtachtann sé/sí ar a m(h)úisc

Muna bhfuil an duine ag análú déan CPR

Nuair a thagann cabhair leighis:

- Tabhair aon eolas atá ar fáil dóibh, samplaí Múisc agus drugaí san áireamh agus faigh ainm an ospidéal chuig a mbeidh an otharcharr ag dul
- Déan teagmháil leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus/nó na daoine cuí agus líon isteach foirm tuairisce do chás a bhfuil baint ag drugaí leis chomh luath agus atá an éigeandáil as do lámha

Nuair atá cás a bhfuil baint aige le drugaí ar siúl:

- Fan ciúin, socair nuair atáir ag labhairt leis an ngrúpa.
- Scar an chuid eile den ghrúpa ó na daoine óga a bhfuil baint acu leis an gcás.
- Ná fág an grúpa leo féin – socraigh go bhfuil duine fásta freagrach ag tabhairt aire dóibh munar féidir leat féin é a dhéanamh.

Láithreach tar éis cás a bhfuil baint ag drugaí leis:

- Bí réidh chun do phlean don seisiún a athrú chun plé agus measúnú a cheadú ar na himeachtaí.
- Cuir na daoine óga ar a suaimhneas go bhfuil an duine bainteach leis an gcás ag fáil cabhair
- Déan cinnte gur féidir le gach duine óg dul abhaile go slán sábháilte agus inis do thuismitheoirí faoi na himeachtaí sa mhéad is go mbaineann siad lena bpáistí féin
- Cuir in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí go bhfuil polasaí ar drugaí againn agus go bhfuil sé ar fáil ar shuíomh idirlíon Feachtas

Tar éis na heachtra:

Déan agus Ná Déan

- **Déan:**

- Tabhair achoimre gearr ar cad a tharla. Cloígh le fíricí agus déan rud beag as aon chaint seafóideach i measc na ndaoine óga
- Socraigh labhairt le daoine ar leith sa ghrúpa más gá
- Bí so-lúbtha agus cuir deireadh le structúr réamh-shocruithe an seisiún más mian leis an ngrúpa leanúint leis an comhrá neamh-fhoirmeálta
- Éist
- Aontaigh ar seisiún iarchúraim le seirbhísí ón taobh amuigh má iarrtar ort

Ná Déan:

- An t-ábhar a athrú nó caint ar an ábhar a chosc
- Breith pearsanta a thabhairt nó tuairim gan údar
- Cuir i leith aon duine sa ghrúpa go raibh baint acu leis an gcás fiú mé tá amhras ort go raibh. Ní i gcomhlúadar is ceart a leithéad de líomhainti a léiriú.
- Ceistigh an grúpa faoi cá as a dtáinig na drugaí
- Léacht a thabhairt ar cad is ceart a dhéanamh i suíomh dá leithéad
- Tosú ar imeacht gan deighleáil leis an bhfadhb sa ghrúpa ar dtús

Agúisín 1

Foirm Tuairisce i gCás a bhaineann le Drugaí

Scríobh ciorcal timpeall ceann amháin nó níos mó de na ráiteais thíos chun an cineál chás a shoiléiriú:

Éigeandáil Eile	Aimsiú/teacht	Nochtadh	Amhras	Imní	Meisce	Duine fásta
chúraim leighis	ar usáid nó soláthair	eolais	faoi usáid /líomhain	léirithe		ag usáid

Taifead Chás a bhaineann le Drugaí

Ainm an chlub:

Ainm(neacha) an duine/na daoine i gceist:

Dáta an eachtra/tarlúint:

Foirm Tuairisce scríofa ag:

Ar tugadh garchabhair? Tugadh

Cé a thug?

Níor tugadh

Ar glaoth ar otharcharr/dochtúir? Glaoth

Cé a ghlaoidh agus cén t-am?

Níor ghlaoidh

An Druga i gceist (más eol – nó cur síos gairid air):

Ar friothadh sampla (den druga)? Friothadh

Níor friothadh

Dá mba substaint mí-dhleathach é, ainm an duine a choigistigh agus a chuir i mbosca le glas é:

Dáta é a thabhairt do na Gardaí:

Ainm agus Stáisiún an Gharda:

Dá mba substaint dleathach é, ainm an duine a fuair réidh leis:

I bhfianaise:

Ar cuireadh tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas?

Cuireadh

Cé d'inis agus cén t-am?

Níor cuireadh

Ar insíodh don bainisteoir nó cathaoirleach faoi?

Cur síos gairid ar an gcás (lean ar aghaidh ar pháipéar bán más gá):

Aon ghníomh eile ar tógadh:

Agúisín 2

Seirbhísí Tacaíochta agus Áisíneachtaí Atreorú

Ainmneacha agus uimhreacha fóin

- Foireann Feachtas -----087 9046136
- Comhordaitheoirí ar thascfhorsaí drugaí áitiúla más ann dóibh/ oibrítheoirí ar bheartais choisctheacha agus oideachais áitiúla-----
- Tograí pobail ar drugaí-----
- Dochtúir clainne ----- (cf.foirm chlárú an duine óg)
- Altra sláinte phoiblí-----
- Seirbhísí Andúil,HSE-----
- An tAonad chun Sláinte a chur chun cinn,HSE-----
- Comhairleoir Andúil Phobail/Foirne Andúil Pobail-----
- Seirbhísí Sóisialta-----
- Na Gardaí Áitiúla/an tOifigeach idirghabhála na hÓige-----
- An tIonad Cóir Leighis Drugaí Náisiúnta,Baile Átha Cliath-----
- An tIonad Cóir Leighis Mí-úsáid Alcól agus Drugaí, Corcaigh-----
- Líneabhrach Drugaí agus VEID 1800 459 459
- www.drugs.ie

Tá seans go bhfuil seirbhísí tacaíochta eile ar fáil i do cheantar áitiúil.

Muna bhfuil tú cinnte cá háit is fearr tosú déan teagmháil le foireann Feachtas.

Agúisín 3

Comharthaí agus Siomptóm úsáid drugaí

Is féidir leis a bheith deacair a rá má tá duine óg ag baint úsáid as drugaí, go háirithe mé tá sé nó sí ag baint triall astu nó á dtógáil go hannamh. **Tá go leor de chomharthaí úsáid drugaí mar an gcéanna le comharthaí gnáthiompair dhéagóirí**, mar shampla guagacht giúmair, athrú cairde agus athrú spéiseanna. Tá sé tábhachtach gan scéal a dhéanamh de do bharúil. **Ní chiallaíonn aon cheann de na “comharthaí” thíos go bhfuil duine óg ag baint úsáid as drugaí go cinnte.** Mar sin féin má tá roinnt de na comharthaí i gceist le duine óg a bhfuil aithne agat air/uirthi, tá seans go bhfuil sé/sí ag baint úsáid as drugaí

Comharthaí Iompair a léiríonn féidearacht úsáid drugaí

- Guagacht giúmair nach dual dó/di
- Rúndacht faoi imeachtaí nach dual dó/di
- Spéis a chailleadh i seanchairde, spóirt agus caitheamh aimsirí
- Nochtadh tobann de chairde nua
- Caitheamh agus iasachtaí airgid ag dul thar fóir
- Ag goid suimeanna beaga ón dteaghlach
- Meath ar na tréithe fisiciúla agus nósanna cóirithe
- Neamhchodladh
- Babhtaí iompair atá sochorraithe nó hipirghníomhach
- Mungailt chainte
- Bheith gan bheocht, ar nós cuma liom nó faoi ghruaim
- Cosúlacht bheith ar meisce nó ar na stártha ag drugaí

Comharthaí fisiciúla a léiríonn féidearacht úsáid drugaí

- Na Mac Imrisc a bheith an mhór
- Stánadh
- Na fiacla ag díoscarnach
- Gluaiseachtaí thobann
- Na matáin a bheith tinn
- Comhordú agus seasamh a bheith lagaithe

Giúirléidí a d’fhéadfadh tú teacht air agus a d’fhéadfadh a bheith le haghaidh úsáid drugaí

- Páipéirí toitíní le haghaidh toitíní baile déanta
- Sceana atá dóite nó le drochdhath orthu
- Málaí Plaisteacha le hiarmhar gliú

- Ceanastair aerasól atá caite i leataobh
- Coinlíní agus tiúbanna cairtchláir
- Spúnóga dóite nó dubh
- Clúdaigh beaga de pháipéar, de phlaisteach nó de scragall stáin